**BOO Chiarraí**

**Tuarascáil Bhliantúil 2022 maidir le Nochtadh Cosanta**

***An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014***

Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 i bhfeidhm ar an 15 Iúil 2014.

Cuireann an tAcht creat ar fáil inar féidir le hoibrithe a n-imní a chur in iúl maidir le míghníomh ionchasach atá feicthe acu san ionad oibre agus fios acu gur féidir leo feidhm a bhaint as cosaintí suntasacha agus eile má ghearrann a bhfostóir pionós orthu nó más rud é gurb é/í an fostaí a bheidh thíos leis faoi sin a dhéanamh.

Tá polasaí curtha i bhfeidhm ag BOO Chiarraí agus, nuair a chuirtear é sin i gcomhar leis an reachtaíocht, spreagfaidh sin oibrithe chun míghníomh ionchasach a thuairisciú agus fios acu go nglacfar go dáiríre lena n-ábhair imní, go ndéanfar sin a fhiosrú, nuair is cuí, agus go léireofar meas ar a rúndacht.

Tugtar ar aird sa pholasaí go bhfuil sé cuí i gcónaí imní a thabhairt chun solais nuair atá sin bunaithe ar thuairim réasúnach beag beann a n-aithnítear ina dhiaidh sin go raibh éagóir á dhéanamh. Tugtar treoir do na hoibrithe sa pholasaí freisin maidir le modhanna le hábhar imní a chur in iúl

Baineann an polasaí seo le gach oibrí de chuid BOO Chiarraí lena n-áirítear conraitheoirí, comhairleoirí, foireann ghníomhaireachta, iar-fhostaithe agus intéirnigh/daoine faoi oiliúint.

I gcomhréir le forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, tá Oifigeach Gnóthaí Corparáideacha ceaptha ag BOO Chiarraí chun glacadh le nochtaí cosanta. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach ainmnithe ar an teileafón trí ghlaoch a chur ar an uimhir 066-7193900, trí ríomhphost a sheoladh chuig corporateaffairs@kerryetb.ie nó tríd an bpost ag an seoladh *An tOifigeach um Nochtadh Cosanta, BOO Chiarraí, Centrepoint, Bóthar John Joe Mhic Shíthigh, Trá Lí, Co. Chiarraí. V92 P2FE.*

**Tuarascáil Bhliantúil 2022 maidir le Nochtadh Cosanta**

Tuarascáil bhliaintúil BOO Chiarraí mar a cheanglaítear faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Deimhníonn BOO Chiarraí nach bhfuarthas aon nochtaí cosanta suas go dtí deireadh na bliana 2022. Dá bhrí sin, ní raibh ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí aon ghníomh a dhéanamh i ndáil le Nochtadh Cosanta.